# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

**DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT– [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A – GIOTA LEANÚNACH – (60 MARC)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An lá ab fhearr a bhí agam riamh.

(ii) Samhradh na bliana 2008.

(iii) Post páirtaimseartha a thaitin liom.

### B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) Bhí mé amuigh ag siúl cois farraige nuair a chonaic mé bosca mór dúnta ina luí ar imeall na trá. Bhí eagla orm an bosca a oscailt ach ghlaoigh mé ar na gardaí ar m'fhón póca …

**nó**

(ii) Bhí mé féin agus mo chara ag ceolchoirm mhór i bPáirc an Chrócaigh. Bhí an slua ag amhránaíocht agus ag rince (damhsa). Go tobann thit mo chara ar an talamh …

### C – LITIR – (60 marc)

(i) Tá rothar nua agat agus chuaigh tú ar thuras rothaíochta ar feadh cúpla lá. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go cara leat ag cur síos ar an turas sin.

**nó**

(ii) Tá d'uncail ina chónaí san Astráil. Tá tú ar saoire leis. Scríobh **litir** (leathleathanach nó mar sin) abhaile go cara leat. Déan cur síos ar na rudaí iontacha ar fad atá ar siúl agat ann.

### D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Bhí tú féin agus cara leat ag scannán le chéile. Thaitin an scannán go mór leat ach níor thaitin sé le do chara in aon chor. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agaibh faoin scannán.

**nó**

(ii) Fuair tú glaoch fóin ó chara leat, a dúirt "Ar fhéach tú ar do leathanach Bebo go fóill inniu?" Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin leathanach sin.

| CEIST 2 | – LÉAMHTHUISCINT – | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Carrie Crowley: Bean Spéisiúil as Port Láirge

**1** Rugadh agus tógadh Carrie Crowley i bPort Láirge. Ba mhúinteoir a máthair a rugadh sna Rosa i dTír Chonaill. Ba gharda a hathair agus rugadh eisean i gCorcaigh. Fuair a tuismitheoirí poist i bPort Láirge agus chuir siad fúthu sa chathair sin. Rinne a tuismitheoirí gach iarracht saol taitneamhach síochánta a thabhairt don teaghlach. Bhí saol sona sásta ag Carrie agus í ag fás aníos.

**2** Chuir Carrie suim sa Ghaeilge ar dtús agus í sa bhunscoil i bPort Láirge. Rinne sí cúrsa Gaeilge i Ros Muc i gConamara sa bhliain 1974. An bhliain ina dhiaidh sin chaith sí trí mhí sa cheantar céanna ar chúrsa Ghael Linn. B'aoibhinn léi Ros Muc nuair a bhí sí ann. Parthas a bhí ann dar léi, neamh ar talamh. Thug sí cuairt ar an áit arís nuair a bhí sí sé bliana is fiche d'aois. An t-am seo ní raibh sí ábalta a chreidiúint go raibh an áit chomh beag agus chomh ciúin sin. Áit an-speisialta a bhí ann di agus í óg.

**3** Chaith Carrie trí bliana i gColáiste Phádraig Dhroim Conrach i mBaile Átha Cliath, coláiste oideachais do mhúinteoirí bunscoile. Cheap sí go raibh an coláiste sin an-chosúil leis an scoil a bhí díreach fágtha aici. Bhí smacht dian ann agus ní raibh mórán saoirse aici. Bhain sí sult as an tréimhse a chaith sí ann, áfach. Oideachas leathan a cuireadh ar fáil ann agus ní raibh an cúrsa dírithe ar aon ábhar amháin. Tar éis di céim a bhaint amach san Oideachas i 1985 fuair sí post mar mhúinteoir bunscoile sa Dún Mór i bPort Láirge. Thaitin an obair go mór léi, ag múineadh cailíní bunscoile amuigh in áit chiúin faoin tuath. Tar éis trí bliana a chaitheamh ansin d'éirigh sí as a post agus chuaigh sí ag obair in pizzeria.

**4** Tar éis di a bheith ag obair sa bhialann chaith Carrie tamall i mbun aisteoireachta leis an gCompántas Red Kettle i bPort Láirge. Ina dhiaidh sin chaith sí trí bliana ag canadh leis an mbanna ceoil Miss Brown to You. Bhíodh an banna seo le feiceáil ar RTÉ agus thug siad ceolchoirmeacha ar fud na tíre chomh maith. Bhí Carrie an-ghnóthach ar an raidió áitiúil i bPort Láirge freisin. Ag obair mar láithreoir agus ag cur cláir bhricfeasta, cláir ealaíon, agus cláir chúrsaí reatha i láthair a bhíodh sí. Shocraigh sí tar éis tamaill filleadh ar Bhaile Átha Cliath.



**5** Tairgeadh post di in RTÉ ar an gclár *Echo Island*. Ní raibh sí ach bliain ansin nuair a tháinig sí os comhair an domhain mhóir. Roghnaíodh í féin agus Ronan Keating mar chomhláithreoirí ar an gcomórtas Amhránaíochta Eoraifíse i 1997. D'éirigh thar barr leo san obair thábhachtach seo, rud a chabhraigh le Carrie ina saol proifisiúnta. Chuir sí cláir éagsúla eile i láthair ina dhiaidh sin, *Pulse* agus *Pot Luck* ar RTÉ, agus *Turas Anama* ar TG4. Ba é an clár cainte *Limelight* an clár deireanach a chuir sí i láthair sular éirigh sí as an obair theilifíse. Tá sí tar éis díriú isteach i gceart ar an aisteoireacht le blianta beaga anuas. Is liosta le háireamh iad na drámaí agus na scannáin ar ghlac sí páirt iontu. Tá Carrie sásta lena saol agus is beag rud a d'athródh sí, fiú dá mbeadh an seans aici.

*Bunaithe ar alt le hÉamonn Ó Dónaill ar an iris idirlín www.beo.ie*

1. Cad iad na poist a bhí ag athair agus ag máthair Charrie Crowley. (Alt 1) 10 marc

2. Cé mhéad ama a chaith sí i Ros Muc sa bhliain **1975**? (Alt 2) 10 marc

3. Cén saghas oideachais a cuireadh ar fáil i gColáiste Phádraig nuair a bhí sí ann? (Alt 3) 10 marc

4. Luaigh **dhá** shaghas oibre a rinne Carrie tar éis di éirí as a post mar mhúinteoir. (Alt 4) 10 marc

5. Cén rud spéisiúil a tharla di in RTÉ sa bhliain **1997**? (Alt 5) 10 marc

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Des Bishop: Fear Grinn agus Gaeilgeoir

**1** Rugadh Des Bishop i Nua-Eabhrac i Meiriceá sa bhliain 1976. Bhí gaolta aige ina gcónaí in Éirinn. Nuair a bhí sé ina dhéagóir bhí deacrachtaí aige ar scoil. Ní raibh sé sona ann. Dúirt sé lena thuismitheoirí gur mhaith leis teacht go hÉirinn chun a chuid oideachais a chríochnú sa tír seo. Phléigh siad an scéal agus shocraigh siad go rachadh Des ar scoil in Éirinn.

**2** Ní raibh Des ach ceithre bliana déag d'aois nuair a cuireadh go scoil chónaithe i Loch Garman é. Tar éis dó a chuid meánscolaíochta a chríochnú chuaigh sé go Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Rinne sé céim sa Bhéarla agus sa Stair. Bhí an-suim aige sa drámaíocht nuair a bhí sé ar an ollscoil. Bhí sé an-ghníomhach i gcumann drámaíochta na hollscoile. Ina dhiaidh sin thosaigh sé ag freastal ar chlub coiméide go rialta agus cheap an fear a bhí i mbun an chlub go mbeadh Des go maith ag an gcoiméide. Rinne Des a chéad *gig* sa chlub sin.

**3** Sula i bhfad bhí lucht leanúna díograiseach ag gach *gig* a rinne Des Bishop. Sa bhliain 2000 bhí sé mar chaptaen foirne ar an gclár *Don't feed the Gondolas* ar RTÉ. Bhí aird an phobail ar Des anois ach ní raibh sé sásta mar níor thaitin cláir phainéil leis riamh. Nuair a bhí sé ag obair ar an gclár sin d'éirigh sé tinn. Bhí ailse air. Níor theastaigh uaidh go mbeadh eolas ag gach duine faoina thinneas ach foilsíodh an scéal ar an gcéad leathanach de nuachtán laethúil. Toisc go raibh an scéal i mbéal an phobail bhí Des sásta cabhrú le Cumann Ailse na hÉireann. Tugann sé cainteanna anois faoi ailse na bhfear.

**4** Tá ainm in airde ar Des anois de bharr na sraitheanna teilifíse inar ghlac sé páirt – *Des Bishop Work Experience*, *Joy in the Hood* agus go mór mór *In the Name of the Fada*. Sa tsraith *Work Experience* bhí ar Des maireachtáil ar phá an-bheag agus é ag obair i siopaí agus i mbialanna éagsúla. Fuair sé léargas ar na deacrachtaí a bhíonn le fulaingt ag daoine a bhíonn ag iarraidh maireachtáil ar bheagán airgid. Sa tsraith *In the Name of the Fada* chónaigh sé i dTír an Fhia, Leitir Móir, i nGaeltacht Chonamara agus thosaigh sé ag déanamh dianstaidéir ar an nGaeilge.



**5** Ní raibh air an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil mar nár tháinig sé go hÉirinn go dtí go raibh sé ceithre bliana déag d'aois ach bhí suim aige sa Ghaeilge riamh. D'éirigh go breá leis ar feadh na bliana a chaith sé i gConamara. Tá stór focal breá leathan aige anois agus ó thaobh na bhfuaimeanna de – is geall le fear as Conamara anois é agus focail mar "bheadh" agus "cén chaoi" á rá aige. Tá sé líofa go leor sa teanga anois le *gig* a dhéanamh trí mheán na Gaeilge os comhair lucht féachana a labhraíonn an Ghaeilge go rialta agus go líofa. Tá Des Bishop tar éis a léiriú gur féidir le duine Gaeilge a fhoghlaim taobh istigh de thréimhse ghearr má dhíríonn sé a aird i gceart ar a thasc.

*Bunaithe ar alt le Caoimhe Ní Laighin ar an iris idirlín www.beo.ie*

1. (a) Cén áit ar rugadh Des Bishop? (Alt 1)
   (b) Cén fáth ar tháinig sé go hÉirinn chun a chuid oideachais a chríochnú? (Alt 1) — 10 marc

2. Luaigh an **dá** ábhar a rinne Des sa chéim i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. (Alt 2) — 10 marc

3. (a) Cén galar a bhuail Des Bishop? (Alt 3)
   (b) Cén obair a dhéanann Des do Chumann Ailse na hÉireann? (Alt 3) — 10 marc

4. Cár chónaigh sé nuair a thosaigh sé ag déanamh dianstaidéir ar an nGaeilge? (Alt 4) — 10 marc

5. Cad atá léirithe ag Des Bishop? (Alt 5) — 10 marc

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

**GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA (120 marc)**

**DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

SCRÚDUIMHIR ☞ 

STAMPA AN IONAID

**[Caithfidh do chuid freagraí uile sa Triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.]**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | |

## CUID A

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An baile atá luaite san fhógra seo. | |
| An mhí a mbeidh an fhéile ar siúl. | |
| An ghairm bheatha atá luaite le Sarah Miles. | |
| An t-ainm atá ar an scannán seo. | |



THALL →

## FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén stáisiún raidió a mbeidh an clár nua air?

**(b)** Cathain a bheidh an clár nua ag tosú?

**2.** **(a)** Luaigh saghas **amháin** ceoil a bheidh ar an gclár.

**(b)** Luaigh ceann **amháin** de na duaiseanna a bhronnfar.

## FÓGRA A TRÍ

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén t-ainm atá ar an stáisiún raidió? | |
| Cén saghas cúrsa a bheidh ar fáil? | |
| Cá fhad a leanfaidh an cúrsa sin? | |
| Cad é uimhir theileafóin an stáisiúin? | |

# CUID B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá mbeidh Liam ag dul ag tús mhí an Mheithimh?

**2.** Cén fáth nach mbeidh Bríd ag dul?

*An Dara Mír*

**1.** Cé mhéad teachta atá i bParlaimint na hEorpa, dar le Liam?

______________________________________________

**2.** Luaigh na **trí** theanga a bheidh ag Bríd, dar le Liam.

______________________________________________

## COMHRÁ A DÓ

*An Chéad Mhír*

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh atá luaite don fhoirm CAO | |
| An chéad rogha de chúrsa ollscoile a rinne Micheál | |
| An post ab fhearr le Siobhán | |
| An post ab fhearr le Micheál | |

*An Dara Mír*

**1.** Cad a deir Micheál faoi na príomhchócairí is fearr ar an teilifís?

______________________________________________

**2.** Céard iad na bunscileanna ar cheart a bheith ag buachaillí, dar le Siobhán?

______________________________________________

## COMHRÁ A TRÍ

*An Chéad Mhír*

**1.** Cé mhéad airgid a buadh sa Lotto?

______________________________________________

**2.** Cé mhéad duais a mholfadh Seán in ionad aon duais mhór amháin?

______________________________________________

*An Dara Mír*

**1.** Cé mhéad airgid a fuair an club leadóige ón Lotto?

___

**2.** Luaigh rud amhain a deir Seán faoi chlub Chumann Lúthchleas Gael, na Piarsaigh.

___

# CUID C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó.** Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An rud a d'eagraigh Coiste na Macléinn | |
| Céard dó a bailíodh an t-airgead? | |
| An méid airgid a bailíodh | |
| An lá ar bronnadh an seic. | |

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén t-ainm a chuirfidh Tomás Ó Murchú ar a bhád nua?

___

**2.** Cé mhéad airgid a chosain an bád nua?

___

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cé mhéad post nua a chuirfear ar fáil?

___

**2.** Cén bhliain ar bunaíodh Comharchumann an Chlocháin Léith?

___